

*Beannacht duit, a Dháibhíth Óig: dán do
Dháibhíth Óg de Barra (†1604/5) ar a theacht
in aois*



Philip Mac a' Ghoill

Celtica 36 (2024), 237–256

DOI: 10.58480/SCS-g722n-rb5f8

DIAS

Institiúid Ard-Léinn | Dublin Institute for
Bhaile Átha Cliath | Advanced Studies



© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies.

This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this
license, visit <https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/>

BEANNACHT DUIT, A DHÁIBHÍTH ÓIG:
DÁN DO DHÁIBHÍTH ÓG DE BARRA (†1604/5)
AR A THEACHT IN AOIS¹

ACHOIMRE

Chum Domhnall (mac Taidhg) Ó Dálaigh an dán seo in 1604 nó 1605 do Dháibhíth Óg (mac Dháibhíth mhic Shéamais) de Barra (†1604/5), ag tabhairt léargais dúinn ar chodanna éagsúla dá shaol. Luann an file an t-oideachas a fuair an pátrún nuair a bhí sé óg, turas a rinne sé go Londain le hachainí a dhéanamh ar an Rí Séamas I, agus a phósadh le hEilís Puidhéar, iníon Ristird Puidhéar (4ú Barún le Puidhéar, †1607). Tá an t-eagrán thíos bunaithe ar an gcóip is luaithe de a mhaireann, i LS 23 D 4, Leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann. Foilsíodh tras-scríbhinn den dán seo in *ABM* sa bhliain 2010 le heagarthóireacht éadrom déanta air. Tá aistriúchán Béarla ar an dán curtha ar fáil anseo, chomh maith le plé ar ghnéithe den teanga agus den mheadaracht sa réamhrá agus sna nótaí.

AN FILE

DE RÉIR LS 23 D 4 I LEABHARLANN Acadamh Ríoga na hÉireann, an lámh-scríbhinn is luaithe ina maireann cóip den dán thíos, is é Domhnall (mac Taidhg) Ó Dálaigh a chum an dán seo. Cuirtear cúig dhán eile i leith an fhile seo. Is iad sin

- *Maith ráinig i dtreise Tadhg* (*ABM* 317), a mholann Tadhg an Fhórsa (mac Diarmada) Mac Carthaigh (†1618);
- *Dia do bheatha, a Thaidhg mheic Thaidhg* (*ABM* 167) do Thaidhg an Dúna (mac Taidhg an Fhórsa) Mac Carthaigh (†1649);
- *Nocht dúinn do sheirc, a Shéamais* (*ABM* 377) do Shéamas (mac Dáibhíth) de Barra;
- *Cionnas mheasdar macámh óg* do Dháibhíth de Róiste (7ú Bíocunta de Róiste, †1635);
- *Duine deighmhisnigh Dái-bhíoth* (*DiD* 87), dán molta do Dháibhíth de Barra (5ú Bíocunta Chill na Mallach, †1617).

Cé nach bhfuil a ainm leis an dán, is dócha gurb é an file céanna seo a chum *Deacair teacht re tréan Barrach* (*ABM* 156), ós dán eile é do Dháibhíth de Barra

¹Tá mé buíoch den Dr Deirdre Nic Chárthaigh, den Dr Eoin Mac Cárthaigh, eagarthóirí *Celtica* agus an léitheoir a cheap siad as a gcuid moltaí le barr feabhais a chur ar an alt seo. Mé féin faoi deara gach botún agus dearmad.

agus ó tá iargcomharc do Naomh Pól ann, mar atá i ndánta eile leis an bhfile seo (féach freisin nóta 9c thíos). Léiríonn na dánta éagsúla seo do dhaoine de mhuintir de Barra gaol gairid pátrúnachta idir Domhnall Ó Dálaigh agus an teaghlach sin.

AN PÁTRÚN AGUS ÁBHAR AN DÁIN

Cumadh an dán seo do Dháibhíth Óg (mac Dáibhíth mhic Shéamais) de Barra, mac agus oidhre Dháibhíth de Barra (5ú Bfocunta Chill na Mallach, †1617) agus Oiléan de Róiste. Tugann an dán seo léargas dúinn ar chodanna éagsúla dá shaol. Tosaíonn an dán le moladh ar áilleacht agus ar intleacht an phátrúin (rainn 1–9), tíolacthaí ó Dhia, de réir an fhile, a raibh baint acu le rath Dháibhíth Óig ag tús a shaoil.


Déanann an file plé ansin ar oideachas an phátrúin, plé a thugann léargas luachmhar dúinn ar an sórt oiliúna a chuirí ar bhaill den uasalaicme i gCúige Mumhan ag deireadh an 16ú haois. Deir an file ar dtús gur cóir buíochas a ghabháil le hathair Dháibhíth Óig as an oideachas a chur ar fáil (rainn 13–15).² Ansin, caithfear buíochas a ghabháil leis na fir a chuir an t-oideachas air, ag tosú le fir léannta agus le scoileanna teanga (rainn 16–17, 20). Luaitear scileanna eile a múineadh dó: maraíocht, sealgaireacht, oirbheartaíocht, agus conas airm a bheartú (rainn 18–20). Is díol suime chomh maith é go luaitear imirt fichille mar chuid den phróiseas oiliúna taobh le scileanna trodaíochta (rann 19).

Luann an file turas a rinne Dáibhíth Óg go Londain i ndiaidh Chogadh na Naoi mBliana (1594–1603), agus go ndearna sé achainí ar an Rí Séamas I le teidil agus talamh a theaghlaiigh a chosaint (rainn 21–34). Ní léir dom aon fhoinsé eile a luann an turas áirithe seo, ach tá a fhios againn ón dán seo go ndearna sé an turas i ndiaidh mhí an Mhárta 1603, tús ré Shéamais I, agus nach ar Eilís I a rinne sé an achainí, mar go n-úsáidtear an focal *rí* seachas *ríoghan* sa dán: *Do rígh Saxan* (27a), *ó rígh laoi chlíonmhar Lonnann* (30d). Seans gurb é an turas céanna a rinne a athair agus atá luaite in *DiD* 87.21d: *ar cuairt go saoirching Séamas* ‘a visit to the noble King James’, agus sin atá i gceist ag an bhfile i rann 30 thíos nuair a deir sé *Táinig tú [...] ar aithris t’athar [...] ó rígh laoi chlíonmhar Lonnann* ‘you came from the king of London [...] as your father did.’ Bhí rath ar an turas de réir an fhile (rainn 29–31) agus, nuair a tháinig sé ar ais go hÉirinn, phós sé Eilís Puidhéar (rann 32), infon Ristird Puidhéar (4ú Barún le Puidhéar, †1607) agus Caitilín de Barra (†1610). Cuir-eann an file iargcomharc don Eilís seo ag deireadh an dáin (rainn 40–3). Bhí mac amháin acu, Dáibhíth de Barra (1ú hIarla Bharrach Mór, †1642), a rugadh i mí an Mhárta 1605, agus tá a fhios againn go raibh Dáibhíth Óg féin marbh faoin am sin:

²Leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le hoideachas maith a sholáthar do do mhac sa dán *Deacair teacht re tréan Barrach* chomh maith: 27 *Teagasg an airdriogh fhoirbhfe / dá mhac tuigseach téaghairthe / craobhshlat do churaidd na tais / cumhain le saormhac Séamais* (ABM 156.27), ‘The noble son of James (i.e. David Barry) remembers what the perfect high-king taught to his intelligent, warm-glowing son, a branch of the warrior of the relic (?)’.

David Barry, s[on] and h[eir] ap. by 1st wife. He m[arried] Elizabeth Power, 3rd da[ughter] of Richard, 4th Lord le Power [I.], by Catherine, da[ughter] and coh. of James Fitz John, 3rd Viscount Barry abovenamed. He *decessit vita patris* in 1604 or 1604/5. (Cokayne 1910: 443)

Le heolas ón dán seo, agus ó fhoinsí eile, tugtar léargas luachmhar dúinn ar bhlianta deiridh a shaoil:



I dtreo dheireadh an dáin, filleann an file ar an téama lenar thosaigh sé, áilleacht agus intleacht an phátrúin agus na tíolacthaí a fuair sé ó Dhia (rainn 33–8). Tá béim ar an gcreideamh sna rainn seo, go háirithe línte 36*b* (*do-ní tú an eaglais d'ionnramh* ‘you protect the church’) agus 38*d* (*agus guidhe Dé i ndíchleith* ‘and pray to God openly’), ós rud é go raibh sé de pholasaí ag na Barraigh cloí go hoscailte le creideamh na corónach ag an am sin, mar a léirítear i bhfoinsí cosúil leis na litreacha seo idir Aodh Ó Néill agus Dáibhíth de Barra (athair Dháibhíth Óig) sa bhliain 1599, thart ar cheithre bliana roimh chumadh an dáin thíos:

Aodh Ó Néill:

You separated your selfe from the unitie of Christs mysticall Bodie, the Catholike Church [...] deliver them and us from the most miserable and cruell exaction and subjection, enjoy your religion, safetie of Wife and children, life lands and goods ...

Dáibhíth de Barra:

... by the Law of God and his true religion I am bound to hold with her Maiestie: Her Highnesse hath never restrained me for matters of religion, and as I felt her Maiesties indifferencie and clemencie within, I haue not spared to releue poore Catholikes with duetifull succour ...

(*Pacata Hibernia*, 36–39)

Tagann an dán chun deiridh le hiargcomharc do Naomh Pól agus don Mhaighdean Mhuire (rann 39) agus leis na ceithre rann d'Eilís Puidhéar. Léiríonn an friotal i dtreo dheireadh an dáin go raibh an pátrún fós beo nuair a cumadh é (m.sh. 37*d* *gur mhara tú an tabhartas* ‘may you live to enjoy the gift’, 38*b* *cleacht red ré a bhuidhe do bhreith* ‘during your lifetime, make a habit of giving thanks’). Ní fios dúinn go díreach conas a fuair Dáibhíth Óg bás, ach is dócha gur de bharr tinnis a cailleadh é. Sa dán *Nocht dúinn do sheirc, a Shéamais*,

a chum an file céanna do dheartháir Dháibhíth Óig, Séamas de Barra, luaitear bás Dháibhíth Óig, agus go bhfuil an file ag súil leis go dtiocfaidh Séamas in ionad a dhearthár mar oidhre a n-athar:

6. A ttugus rom do rothoil
do Dháibhi, dod dhearbhrathair –
truag gan mharthain da ghnúis ngloin –
cúis dod charthain, a chumthaidh.³

‘All the great love that I gave to Dáibhíth, to your brother – it is a pity that his pure face does not survive – is a reason to cherish you, dear friend.’

13. Deana dhamh-sa, a dhearc mar ghloin,
ionad Daibhi Oig íodhoin,
pór shlat do budh doilge dhamh,
mac agas oighre t’athar.

‘O crystal-like eye, be for me the replacement of pure Dáibhíth Óg, the noble branch who[se death] caused me the most grief, the son and heir of your father.’

14. Ionann aitreabh ór fhás tú
is Daibhi Óg f[h]uair deaghchlú;
ge mudh ionann d’oighreacht sibh
ionann d’oirbheart is d’airrghibh.

‘You came from the same house as Dáibhíth Óg who received a good reputation; though you had the same heritage, you are the same in abilities and qualities.’

LÁMHSCRÍBHINNÍ

Tá an t-eagrán thíos bunaithe ar an gcóip is luaithe den dán, ar leathanaigh 367–74 de LS 23 D 4 i Leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann. Níl ainm an scríobhaí againn, ach déanann catalógaí na LSe amach ó litriú focal gur Muimhneach a bhí ann (O’Rahilly 1926: 30). Is cosúil gur scríobhadh í sa dara leath den 17ú haois, agus tugtar an bhliain 1681 ar leathanach 173. Maireann cóip eile den dán i dtras-scríbhinn a rinne Eoghan Ó Comhraí de LS 23 D 4 sa 19ú haois, is í sin LS C 87b in Ollscoil Mhá Nuad. Ós rud é gur cóip í an dara leagan seo den chéad chóip, ní tharraingím uaithi d’eagarthóireacht an dáin thíos.

POLASAÍ EAGARTHÓIREACHTA

Mé féin faoi deara ceannlitriú, poncaíocht, suíomh an tsínidh fhada taobh istigh de shiolla, agus scaradh na bhfocal. Tá noda scaoilte agam i gcló iodálach,

³Tá na rainn seo as an dán *Nocht dúinn do sheirc, a Shéamais* i gcló in *ABM* (377) bunaithe ar an gcóip den dán in LS 23 D 4. Is liomsa an t-aistriúchán.

agus tá comharthaí séimhithe scaoilte agam mar 'h' gan cló iodálach. Úsáidim macran le síneadh fada nach bhfuil sa LS a chur ar fáil, agus tá sintí fada neamhstairiúla bainte agam os íseal (m.sh. *t'earla* > *t'earla*, líne 4a; *dhruím* > *dhruim*, líne 34c). Tá sintí fada bainte agam os íseal den défhoghar *ia*, agus tá sintí fada curtha ar fáil agam ar an défhoghar *eó* le macran nuair is cuí. Úsáidim lúibíní cearnacha chun litreacha nach bhfuil sa LS a chur ar fáil (m.sh. *ach* > *ach[t]*, líne 9d). Léiríonn líne trí litreacha i léamha botún sa LS a cheartaigh an scríobhaí é féin (m.sh. *nar thārthaig[h] tú a-th don Trīonóid*, líne 33d).

Déanaim normalú os íseal:

- Ar an bhforainm sealbhach *h'* > *th'* (m.sh. *h'inneall* > *th'inneall*, líne 1d), agus athraím *it*, *dot*, srl. go *id*, *dod*, srl. nuair a thosaíonn an t-ainmfhocal ina ndiaidh ar chonsan (m.sh. *dot chuaird* > *dod chuaird*, líne 26a).
- Ar litriú roinnt focal coitianta neamhaiceanta: *a* > *i* (= an réamhfhocal *i n-*), *as* > *is* (an chopail/an cónasc); agus athraím *cc-* > *gc-* agus *tt-* go *dt-* ag tús focal (m.sh. *a cceann* > *i gceann*, líne 6a).
- Ar ghutaí neamhaiceanta nach bhfuil fada (m.sh. *chruthuigh* > *chruthaigh*, líne 8d; *léigsiod* > *léigsead*, líne 23a), ach amháin i gcás roinnt siollaí meánacha i gcuibheas (m.sh. *cuing* : *fhoghluim*, línte 8cd).

Léirim gach athrú eile trí na léamha.

TEANGA AGUS MEADARACHT

Deibhí, dán díreach, meadaracht an dáin seo, agus tagann téacs na LSe leis na rialacha a bhaineann leis an meadaracht sin den chuid is mó, chomh maith leis an teanga Chlasaiceach. Déanaim tuilleadh plé ar cheisteanna a bhaineann leis an teanga agus leis an meadaracht sna nótaí.

Athruithe tosaigh

Tá séimhiú bainte agam ar lorg ainmneach uatha firinsneach i líne 5b (*do chēadfaidh, do chruth f(h)aoilidh*) agus tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg ainmneach uatha baininsneach i líne 2d (*cúis m[h]ēadaighthe gach macaoimh*), 15d (*an fhailmghéag b[h]uadha, an Barrach*). Tá dhá shéimhiú bainte agam ar lorg ginideach uatha i líne 28c (*trēidhe an mhuighe f(h)ódghlais f(h)inn*). Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg tabharthach uatha sna línte seo a leanas:⁴

- 8c *a dhíon críoch ag coimdhe c[h]ruidh*
 13d *is tū id mha[i]cleanabh m[h]acaoimh.*
 14a *Ní bhfuair aoin[n]each d'iath B[h]anbha*
 19b *d'imirt f[h]ithcheall, d'arm, d'iomlat*

⁴Cuirim séimhiú ar fáil ar lorg tabharthach uatha i bhfianaise an tsampla le deimhniú meadarachta i línte 25cd den dán *Maith ráinig i dtreise Tadhg* leis an bhfile céanna (.i. *do bhuaidh a chéille go ceart l do uair fhéile gan fhóirneart*). Bheimis ag súil le séimhiú ar lorg focal sa tabharthach uatha sa teanga Chlasaiceach agus, de réir mar a thuigim é, is léiriú é an sampla seo gurbh é sin an polasaí a bhí ag an bhfile.

- 23c *rō cadail dod dhreich d[h]ealbhdha*
 25c *do ghlanfhoghlaím, do ghníomh s[h]ean,*
 35a *Ní fhoighthe ag oighre f[h]latha*

Tá an t-ainmfhocal *aigeadh* (DIL s.v. 1 *aicned*) firinscneach sa tSean-Ghaeilge, agus sa teanga Chlasaiceach, cé go bhfuil sé baininscneach sa Nua-Ghaeilge (*aigne*), agus mar sin tá séimhiú ar a lorg bainte agam i líne 8*b* (*aigeadh f(h)áithghlic f(h)oghlamdha*). Tá uaim ar iarraidh i leagan na LSe mar go gcaitear le *aigeadh* mar fhocal baininscneach arís i líne 9*c*, agus *snoighthe* séimhithe ar a lorg. Tá an séimhiú sin bainte agam san eagrán le huaim a chur ar fáil, agus tá *t-* curtha agam le *aigeadh* mar ainmfhocal firinscneach a leanann an t-alt.

Níl séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg ainmneach iolra den chineál a shéimhíonn de ghnáth sa teanga Chlasaiceach i líne 21*a* (*Laoich chródha Cúirte an Bharraigh*) ná ar lorg tabharthach uatha i líne 27*a* (*Do rīgh Saxon na sreabh dte*) agus na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh iontu sin. Mar an gcéanna, tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg ainmneach uatha firinscneach i líne 28*b* (*gníomh oirbheartach f[h]ear Saxon*) áit a bhfuil sléagar agus an séimhiú deimhnithe ag an uaim. I bhfianaise deimhniú meadarachta i líne 18*d* (*a ruire is f[h]íochmhar ainmsearg*), tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg na copail coibhneasta san aimsir láithreach i línte 7*c* (*a ruire is c[h]írtshéimhe cuing*), 10*c* (*nā an labhra is g[h]óimheamhla gus*), agus 21*d* (*damhradh clisde is c[h]roidheamhla*).

Cuibheas breise

Tá cuibheas breise sna rainn seo a leanas nach mbeifí ag súil leis de réir na riachtanas meadarachta:

3a –	3b lí	3c í	3d lí
11a ort	11b –	11c ort	11d fholt
27a –	27b –	27c shir, sibh	27d mhir
35a fhoighthe	35b –	35c fhoirbhthe	35d foighthe

I gcás an chuibhis bhreise i rainn 3, 11, 35, tá mé á dtuiscint mar shamplaí den ghléas ornáideach *breacadh* (féach BST §223–4). I gcás an chuibhis bhreise i rann 27, tá mé á thuiscint mar shampla den locht mheadarachta *rudhrach* (féach IGT v §10).

Dúnadh

Tá dúnadh cuí againn ag deireadh rann 39, a thagann roimh an iargcomharc d'Eilís Puidhéar:

- 1a *Beannacht duit, a Dháibhíth Óig*
 39d *dom bhreith go brugh na mbeannacht.*

TÉACS

Domhnall mac Taidhg Ī Dhálaigh *cecinit*

1. *Beannacht* duit, a Dháibhíth Óig –
fuair tú tiodhlaicthe ón Trīonóid;
díobh do chéadrath, a chneas seang,
ní feas ēagnach ar th'inneall.
2. Cóir a mheas nach diombuaidh dhuit,
do-rad an t-aoinDia ordhruic
lonnradh géaggairthe id ghnúis saoir,
cúis m[h]ēadaighthe gach macaoimh.
3. An briocht seirce is dūthchas di –
do lasadh lí mar luisne –
is í an Trīonóid ro thoirbhir
an lí bhfíoróig bhfiuchoidhmhir.
4. Do rosg athghlas, t'earla glan,
do rogha crotha is céadfadh:
feadh do ré ní dleaghair dhuit
deadhail 's a[n] Té do thiodhlaic.

AISTRIÚCHÁN

1. A blessing to you, Dáibhíth Óg – you have received gifts from the Trinity; among them is the first boon you have received (?), o graceful form: criticism of your appearance is unheard of.
2. The one eminent God has given your noble countenance a glowing, branching radiance, something that exalts every youth – this can only be seen as a boon to you.
3. A colour lit up like a flame is the winsome charm which is natural to your face; it is the Trinity that bestowed the truly youthful, lively and glowing colour.
4. During your life it is not right for you to part from the One who bestowed your intensely green eye[s], your faultless hair, your excellence of appearance and senses.

MALAIRTÍ

- 1a daibhi
2a diombhuaidh; 2b orrdhuirc; 2c géaghairthe, tshaoir.
3d bhfiucaidhmhir
4c dhleaghthur; 4d deaghail

5. Beir a bhuidhe re Dia ndil,
do chēadfaidh, do chruth faoilidh,
do ghníomhradh, do mhéad meanma,
a ghéag fhíorghlan fhíneamhna.
6. Iomdha i gceann do chrotha gloin
dā mheas, a mheic an Bharraigh,
ort a dhíon forraoin gach fir,
do cho[mh]maoin Ríogh an ríghthigh.
7. Gloine th'inntleacht[a] is t'aibche
meastar nach mō tiodhlaicthe,
a ruire is chirtshéimhe cuing,
th'iltréidhe uile is t'f[h]oghluim.
8. Foras briathar, buaidh labhra,
aigneadh fáithghlic foghlamdha,
a dhíon críoch ag coimdhe c[h]ruidh
frí[o]th ón Choimdhe ro-d chruthaig[h].
9. An dúil oirbhearta i n-aois leinbh
do ghlac tusa – toisg neimhmeirbh –
nō an [t-]aigneadh snoighthe ōn sia fíoch
nī foighthe ach[t] ō Dhia, a Dháibhíoth.

5. Give thanks to beloved God for your senses, your agreeable form, your actions, your high-spirits, o flawless vine-branch.

6. Much [was gifted] to your pure body from the favour of the King of heaven, when considered, o son of de Barra, which protected you from the aggression of every man.

7. O leader whose behaviour is most righteous and gentle, it is reckoned that there are no greater gifts than the purity of your intellect and your maturity, your many good traits and your learning.

8. You have received a firm foundation of words, virtuosity as a speaker, [and] a clever, learned mind from the Creator who made you, o protector of territories and wealth.

9. The desire for valour you conceived as a child – no small thing – and the polished mind [you have], so far from anger, could be received only from God, o Dáibhíth.

5*b* fhaoilidh

6*b* bharraidh

7*a* taipche; 7*b* thiodhlaicthe; 7*c* ceirtshéimhe; 7*d* thiltreighthe

8*b* fháithghlic fhoghlamdha; 8*c* dion

9*c* shnoighthe; 9*d* fuighthe, dhaibhí

10. Ní cuirthe a n-iongantas ort
sēimhe th'aignidh nā th'ollmhacht
nā an labhra is g[h]oimheamhla gus –
tarbha th'oileamhna an t-eolas.
11. Urusa a aithne ort féin,
a bhos tana, a throigh bhláithréidh,
a raibh ort d'aibghioghadh sgol,
a fholt laigleabhar luchtmar.
12. Is tugtha dhuit-se, a dhreach shaor,
d'f[h]eabhas do mhúinte id mhacaomh –
drong neambocht d'fheadhain iomdha –
beannacht d'fhear[ai]bh th'oiliomhna.
13. Tarla dhuit-se – dia do rath! –
gur thionnsgain Bhíocant Barrach
t'aibcheaghadh mar budh dú dhaoibh
is tū id mha[i]cleanabh m[h]acaimh.
14. Ní bhfuair aoin[n]each d'iath B[h]anbha
do mhac rí[ogh] nō rodhamhna
barr oileamhna nach uair sibh
ōn sduaigh shoidhealbha shuilbhir.

10. The gentleness of your mind or your training, the speech of most virulent force: these are no surprise; this knowledge is the outcome of your education.

11. It is easy to recognise all your schooling from you, o slender hand, o soft, smooth foot, o long, thick, smooth hair.

12. O noble face, you should give a blessing to the men who educated you – a prosperous group from a numerous band – for the excellence of your education as a youth.

13. It happened for you – what good fortune! – that the Viscount de Barra undertook to have you trained as was proper for you while you were a young boy.

14. No one in Ireland, neither prince nor royal heir, received an education superior to what you received from the handsome, cheerful chief.

10*b* h'aigneadh

11*b* bhláithréig, 11*c* raibhe, daipciudh

12*c* dfeaghain; 12*d* hoileamhna

13*c* taipciudhadh

14*c* fuair

15. Neamhnár dhuit oideas t'athar
do bheith ort *mar ollmhachadh*,
saor uama caillghéag is cloch,
an fhailmghéag b[h]uadha, an Barrach.
16. Ortha thugais rinn do ruisg,
cé[i]ddream ar dtús rod theagaisg,
drong shéimh *nar* shaoghalta cúis
do chléir chaomhanta a gcogúis.
17. Do *chleacht* tú a thoirmeasg feirge,
oideas géarsgol nGaidheilge
nō sgol mbras mblā[i]thbhéarladh mbinn –
ón fras āithghéarghlan [t]h'inntinn.
18. *Cleacht*[t]ar dhuit 'na dheaghaidh sin
obair th'ineamhla a n-aithghin
eich do ghníomhchur, suidhe sealg,
a ruire is f[h]íochmhar ainsearg.
19. Tugais t'aire, ní leasg lat,
d'imirt f[h]ithcheall, d'*arm*, d'iomlat –
ní ceisd dūin d'f[h]ionnachtain air –
d'iomarcaidh lúidh is lāmhaig[h].

15. It was no shame for you to receive your father's education as preparation, a craftsman binding wood and stone, that victorious palm-branch, the Barrach.

16. To the clergy who conserve their conscience you gave the point of your eye [i.e. you gave them your full attention], the first band to educate you, a gentle band of no worldly cause.

17. You practised restraining of anger [learnt from] instruction in insightful Irish-language schools and the great schools of the sweet and smooth [other] languages, from which your mind is [like] very sharp and pure shower.

18. You then practised the work of a kind you are well able for: putting horses into action, setting up hunts, o ferocious and ruthless leader.

19. You gave your attention, and without reluctance, to the playing of *fithcheall* games, to battle-equipment, to wielding [weapons] – to make that known is no question for me – out of an abundance of vigour and skill with weapons.

16a Orrtha

18d ainsearg

19a leat; 19d diomarcaigh lúith

20. Ní[o]r chaith tú treall dot aimsir,
a mharcaigh mhir mhóraibhsigh,
ach[t] ag oidibh sgagtha sgol
nō id dhalta ag coigibh curadh.
21. Laoich chródha Cúirte an Bharraigh,
fuair tú t'f[h]oghlaime eattarraibh,
drong armghlan brisde bearna,
damhradh clisde is c[h]roidheamhla.
22. I measg Bharrach, a bharr tais,
sgath gach foghlama fuarais,
pór glainlío[n]mhar bhur bhfuinn féin,
daighríoghradh nar thuill toibhéim.
23. Ní[o]r léigsead lucht do mhúinte,
dīorma ghlan na grianchúirte,
rō cadail dod dhreich dhealbhdha
gan bheith abaigh infheadhma.
24. Tēighe ar-ís – ní haithreach dhuit –
ar theagasg th'athar ordhraic,
a ghlōr teann gnáthmhūinte glan,
i gceann lánchúirte Lonndan.

20. You spent all of your time with refining tutors of schools, o great, agile horseman,
or as a student with preparers (?) of warriors.

21. You received your education among the valiant heroes of Barry's Court, a band of
clean weapons who breach gaps, a clever and most hearty company.

22. The best of every [type of] education you received among the de Barras, o [man
with] soft hair, the pure and plentiful race of your own land, great kings who have never
earned reproach.

23. Those who educated you, the pure band of the sunny court, did not allow your sculp-
ted face an excessive amount of sleep without [you] being well-prepared and ready for
action.

24. O [man of] clear, strong, ever-mannerly speech, you go again to the full court of
London – not to be regretted by you – following the teaching of your famous father.

21a bharraidh

22d deighríoghruaidh

23c codail, ndéalbhdha; 23d abaidh

25. Beir a bheannacht, a bhos seang;
maith do thoisg a hiath Ēireann,
do ghlanfhoghlaim, do ghníomh s[h]ean,
do dhíon anfhorlainn t' aithreadh.
26. Do chuiris dod chuaird tar sál
do dhíol aithne, a óig adhnár,
robhuid[h]ne dod réim is rann,
ar comhairle shéimh Shaxan[n].
27. Do rīgh Saxan na sreabh dte
tárraidh tú do thaoibh th'aithne
ar shir sibh d'athchuinghidh air,
a sgathMhuimhnigh mhir mheanmaigh.
28. A gcruas reachta, a riaghail ghlan,
gníomh oirbheartach f[h]ear Saxan,
tréidhe an mhuighe fódghlais finn,
do thógbhais uile it inntinn.
29. Tugais leat ar aoi th'eachtra
cosg Gall d'ing[h]reim th'oighreachta
's cosg Gaoidheal do sheilbh do shean
gērbh fheidhm d'aoinfhior a n-innreamh.

25. Give thanks, o graceful hand; good is your journey from the land of Ireland, [along with] your pure learning, your mature behaviour, to protect your forefathers' ascendancy.

26. By your journey across the sea, o modest youth, you have got to know the gentle council of England, great groups for your career and partisanship.

27. From the king of England of the warm streams, as a result of who you know, you received that which you sought of him by petition, o swift, spirited, excellent Munsterman.

28. The rigorous law, the pure rule, the skilful action of the men of England, the traits of the [people of that] bright and green-sodded land, you took it all into your mind.

29. As a result of your expedition, you brought with you the prevention of the foreigners from preying upon your inheritance, and the prevention of the Gael from the property of your ancestors, though it was a feat for any man to guard against them.

25a tseang

26a ~~ehu~~ chuiris; 26c réimh

27b tárraidh; 27d sgáthmuighnidh, mheanmaidh

28c treighe, fhódghlais fhinn

29c is; 29d feidm, d'aoinfhear

30. Táinig tú – ní turas lag –
ar aithris t'athar romhad,
a rosg frao[i]chbhríoghmhar mín mall,
ō rígh lao[i]chlíonmhar Lonmann.
31. Níor éirig[h] doirbh nā dochar
nā diombuaidh nā deōnachadh
nā gleic nā deacra nā dí[o]th
ar th'eachtra dheit, a Dháibhí[oth].
32. Do chuiris ort 'na am féin
cuing phósda – dia do dheighchēill! –
a rún cathardha is c[h]eart breath,
ar dteacht d'athardha th'aithreach.
33. Nī fhuil críoch budh cóir do chur
ar mhac tig[h]earna talmhan
go cur do c[h]lú it árchoin óig
nar thārthaig[h] tú don Tríonóid.
34. Mór dtaisbéanadh dā dtig sé[a]n
do fhuair tú, a oighre Oilé[a]n,
dā dhruim budh dochuirthe sibh,
a chuing chothaighthe a chinidh.

30. O fierce, vigorous, calm and steady eye, you came from the king of London who is abundant in warriors – no weak trip – as your father did before you.

31. Neither difficulty nor misfortune nor defeat nor concession nor contention nor hardship nor loss arose from your expedition, o Dáibhíth.

32. O [man] of martial intent whose judgement is most just, in good time, you married – what good sense! – upon coming to the fatherland of your ancestors.

33. The son of a lord of the land should not be considered fully fledged (?) until you make a name for yourself – [fame] that you did not [already] receive from the Trinity – as a young war-hound.

34. You received many lessons from which comes prosperity, o heir of Oiléan, [and] because of that you will be unstoppable, o yoke who sustains his people.

30c min ~~near~~ mall; 30d riogh
33c gu; aisghen; 33d tú a-th don
34d chinigh

35. Ní fhoighthe ag oighre f[h]latha
tréidhe nã tuar deaghratha,
a óig fhoirbhthe abaigh fhéil,
nach foighthe agaibh iaid-séin.
36. Bréagaidh tú an [d]tuaith *ar* do thal,
do-ní tú an eaglais d'ionnramh
led ghnúis ndreachbhláith ngeanmnaidh ngloin,
led mheanmain neamhthláith neartmhair.
37. Gach tiodhlaicthe thārthaig[h] sibh
don aoinDia ós na huilibh,
a chara, a-nú *ar ar* nochtas,
gur mhara tú an tabhartas.
38. An tí dá dtarraigh thusa
na tiodhlaicthe troma-sa
cleacht red ré a bhuidhe do bhreith
agus guidhe Dé i ndíchleith.
39. Tuig mo pheacadh, a Phóil dil,
tuig bhós, a Bhuime an Dúilimh;
tairgidh cleith do chur *ar* mh'olc
dom b[h]reith go brug[h] na mbeannacht.

35. One would not find an heir to a lord with traits nor prospect of great success that you do not have, o perfect, mature, noble youth.

36. You charm the people at your will, you protect the church with your pure, chaste, smooth-faced countenance and your strong, vigorous spirit.

37. May you live to enjoy every gift that you have received from the one God above all, dear friend, which I made known today.

38. During your lifetime, make a habit of giving thanks to the one who gave you these great gifts, and pray to God openly.

39. Be understanding of my sin, dear Paul, [and] understand too, o Nurse of the Creator; offer to conceal my evil in order to take me to the palace of blessings.

35*b* tréighthe; 35*c* fhoirbhfe abaidh

36*a* dho thoil; 36*c* ngeanmnaig

37*c* aniugh; 37*d* mhaire, tabhartas

38*a* di dtarraidh; 38*d* ndhíthchleith

39*b* fós; 39*c* ceilt

40. Caor aithleag[h]tha is uaisle fhrē[a]mh,
ní heagal d'Eilís Puidhē[a]r
a dearmad *ar* aoi *ar* n-*ansa*,
an tsaoi neamhghrod neamhfhallsa.
41. Aithnid damh go ndlighthear dhi
a bheith d'f[h]ágbhálaibh uirthē
gnúis *mar* th[e]inidh, gruaidh *mar* g[h]rís;
buaidh an einig[h] ar Eilís.
42. A-tā ag an aicme ór fhás sin
do bharr uaisle agus einig[h]
gan a cuimhne nach cōir dhūin;
ní fuighle *ar* a dōigh dīoghbhūidh.
43. Ing[h]ean Risd[e]ird rún gceiníl,
plannda ad chin ó C[h]aitilín
glac is snadhma na séad nglan
méad a hanma ní hiongnadh.

40. A glowing refined metal of the most noble ancestry; because of my love for her, Eilís Puidhéar, the learned woman neither impetuous nor false, has no need to fear being left out [of my poem].

41. A face like fire, cheeks like embers, I recognise that Eilís is entitled to inherit excellence for honour.

42. The family from whom she sprang have such preeminence in nobility and honour that it is not just for me to forget her, this is not a discourse (?) on the expectation of her ruin.

43. The daughter of Risteard of friendly intentions, a plant born of Caitilín; [she has] a helping hand and bonds of pure treasures, the extent of her reputation is no wonder.

41*b* uirthē

42*d* fuighle

43*a* ciníl; 43*c* naomhdha [*in áit* snadhma]

NÓTAÍ

3d. Maidir le *bhfiuchoidhmhir*: Más fíor gur comhfhocail é seo den ainm briathartha *fiuchadh* (*DIL* s.v. *fiuchud* ‘boiling, seething, fuming’, agus an bhrí scaoilte ‘glowing’ bainte agam de don aistriúchán thuas) agus den aidiacht *mear* (*DIL* s.v. *mer* ‘spirited, lively’), tagann sé salach ar na tráchtas mar chomhfhocail de bharr na chéad mhíre (féach *ABP* línte 935–9, agus nóta).

6c. Maidir le *a dhíon*: Tá mé á thuiscint seo mar fhoirm den bhriathar *díonaidh* (*DIL* s.v. *dínaid* ‘protects, defends’) san aimsir chaite. Má léitear *díon* mar ainmfhocail a leanann an mhír ghairmeach (‘o protector’, mar atá in 8c), bheadh an focail a leanann é, *forraoin*, le leasú go foirm an tuisil ghinidigh, *forraoine* (féach *IGT* ii §13), a d’fhágfadh an líne siolla rófhada.

Faightear samplaí le deimhniú meadarachta de shéimhiú agus d’easpa séimhithe ar *fear* sa ghinideach uatha ar lorg *gach* i gcorpas na filíochta Clasaicí. Féach, mar shampla, sa dán *Díol fuatha flaitheas Éireann* le hEochaidh Ó hEódhosa (Mac a’ Ghoill 2021: 156): 8cd ‘s is gnáth *foltanais gach fir / fa ráth n-ochtsholas nUisnigh*; agus *DiD* 29.18cd: *ge dheach ar aghaidh gach fhir / ní labhair neach re naoidhin*. Sa líne seo, tá easpa séimhithe deimhnithe ag an uaim (féach freisin *BST* 218.1–8)

8c. Ba litriúla an t-aistriúchán ‘o protector of territories protecting wealth’ ar an líne seo.

9c. Féach *Deacair teacht re tréan Barrach* (*ABM* 156), 41a: *Ruire siothchánta òn sia fearg* ‘A peaceful chief far from anger’. Mar a luaigh mé sa phlé ar an bhfile sa réamhrá, tá mé den tuairim gurb é an file céanna a chum an dán seo, agus seo sampla den saghas céanna friotail sa dá dhán.

11cd. Tá *aipciudh* na LSe leasaithe agam go *aibghiodhadh* le cuibhis inmheánach a sholáthar sa leathrann (: *laigleabhar*). Fágann an t-athrú seo an líne siolla rófhada agus, leis seo a leasú, leanaim an moladh a dhéanann eagarthóirí *ABM* (dán 68) agus *raibhe* athraithe agam go *raibh*. Cé nach gceadaítear *raibh* san aimsir chaite sa teanga Chlasaiceach, ní ritheann aon réiteach eile liom.

Is céilí cuibhis iad *aibgheaghadh* agus *laigleabhar* freisin sa dán *Maith an locht airdríogh óige* le Gofraidh Fionn Ó Dálaigh (*DiD* 105.24cd): *a fholt laigleabhar chladh gcám / an ret aibgheaghadh agam*

16a. Níl leagan na LSe *orrtha* tugtha mar fhoirm chúil den fhorainm réamhfhocail seo in *BST* §193. Dhéanadh *orra* nó *ortha* cúis anseo. Féach freisin nóta 21b thíos.

17a. Maidir le *a thoirmeasg*: Tá a á thuiscint agam mar fhorainm sealbhach a thagraíonn don fhocail firinsneach *oideas* sa chéad líne eile. D’fhéadfaí *a* a thuiscint mar an mhír ghairmeach anseo freisin agus *a thoirmeasg feirge* a aistriú mar ‘o [man who embodies] prevention of anger’.

17c. Maidir le *mbláithbhéarladh*: Is cinnte go raibh an bhrí ‘English-language’ ag baint leis an bhfocal *Béarla* (*DIL* s.v. *bélae* I (c)) faoin chéad leath den 17ú haois taobh leis an mbunbhrí ‘speech, language’ (*DIL* s.v. *bélae* I (a)). Cé nach féidir liom sampla deifnídeach ón bhfilíocht Chlasaiceach a aimsiú (seachas, b’fhéidir, sa dán *Fúbún fúibh, a shluagh Gaoidheal*, 9c *fúbún fán gcúirt gan Bhéarla* ‘shame about the court without English (?)’; féach Ó Cuív 1974), léirítear seo i LSí cosúil leis an sliocht seo as LS 1301 (Annála na gCeithre Máistrí), fol. 1073v:

Báothghalach mac Aodha [...] on Chnoc Fhionn i cconntáe an Cláir décc i mí April. Fer eissidhe co sulbaire indsce i lLaidin i nGaoidhilcc agus i mBérla.

‘Baothghalach, son of Aodh, [...] from Knockfinn in Co. Clare died in April. He was a man fluent in Latin, in Irish and in **English**.’

Tá a fhios againn chomh maith go raibh scoileanna Béarla bunaithe i gCúige Mumhan faoin dara leath den 16ú haois, mar a léirítear i dtéacsanna cosúil leis an gcuntas seo ó Robert Payne in *A breife description of Ireland* (1589), agus go raibh meascán den Laidin agus den Bhéarla sna scoileanna sin:

‘I sawe in a Grammer schoole in Limberick, one hundred, and threescore schollers, most of them speaking good and perfite English, for that they haue vsed to conster the **Latine** into **English**.’

Deir an file in 17b gur fhreastail an pátrún ar scoil Ghaeilge, agus níl aon amhras ach go bhfuair sé oideachas sna teangacha eile seo. Déanann an file tagairt sa líne seo don oideachas a fuair sé sna scoileanna teanga éagsúla.

17d. Tá *áithghéarghlan* aistrithe agam mar ‘very sharp and pure’ ar comhfhocail é le *áith* (*DIL* s.v. 1 *áith*) agus *géar* (*DIL* s.v. *gér*) seachas comhfhocail leis an bhfocal den bhrí chéanna *aithghéar* (*DIL* s.v. *aithgér* ‘very sharp’) nach bhfuil a-fada aige.

20d. Níl mé cinnte cad is brí le *coigibh* sa chomhthéacs seo. De réir *DIL*, duine a ullmhaíonn bia is ea an *coig* (*DIL* s.v. 1 *coic*, ‘a cook’) agus, as sin, b’fhéidir go bhfuil muid in ann é a léamh leis an mbrí scaoilte ‘duine a ullmhaíonn nó a réitíonn rud éigin’, a thiocfadh go réasúnta deas le brí an rainn ina iomláine. As sin, ‘preparers’ atá tugtha agam san aistriúchán. Tá an t-aon sampla eile de *coigibh* (más den bhrí chéanna é) a bhfuil teacht agam air in *LM* 91.1–2ab:

Bennacht Choimhdhed chumhachtaigh
do-bheirim don Ráith,
for an dtreibh i dtángamair
fearaibh macaibh mnáibh.

Coigibh daltaibh timthirthibh
ríoghaibh ríoghnaibh ráth

21b. Níl leagan na LSe den fhorainm réamhfhocail *eattarraibh* Clasaiceach. *Eatarra* an fhoirm a mbeifí ag súil léi, ach tá an litriú seo deimhnithe ag an

gcuibheas deiridh (*Barraigh* : *eattaraibh*). Níl teacht agam ar shampla eile den litríú seo i gcorpas na filíochta Clasaicí, ná fiú sa Ghaeilge iarChlasaiceach.

21d. Tá *damhradh* baininsneach sa tSean-Ghaeilge (*DIL* s.v. *damrad*), agus firinsneach sa Nua-Ghaeilge. Níl teacht agam ar shampla le deimhniú meadarachta de *damhradh* a bheith baininsneach nó firinsneach san fhilíocht Chlasaiceach agus mar sin tá leagan na LSe fágtha agam gan athrú.

24a. Is féidir leis an bhfocal *a-rís/ar-ís*, agus roinnt dobhriathar eile, uaim a dhéanamh le focail a thosaíonn ar ghuta nó ar *r-* (féach *BST* 212.15). Sa chás seo, tá uaim idir *ar-ís* agus *haithreach*.

24cd. Maidir le *glan* : *Lonndan*, féach nóta 26cd thíos.

26b. Maidir le *a óig adhnár* : bheifí ag siúl le caolú ar an aidiacht ar lorg *a óig*, ach tá an leagan *adhnár* deimhnithe ag cuibheas deiridh an leathrainn (*sál* : *adhnár*) agus, mar sin, níl aon athrú déanta agam ar leagan na LSe.

26cd. Is léir go raibh dhá fhoirm ag an bhfile seo de *Saxain* sa ghinideach iolra, *Saxann* (: *rann*; mar atá sa leathrann seo) agus *Saxan* (: *ghlan*; mar atá in 28ab). *Saxan* an fhoirm a mbeifí ag súil léi. Féach go bhfuil dhá shampla eile de seo sa dán *Duine deighmhisnigh Dái-bhíoth* leis an bhfile céanna, 3cd: *do ghlac fírmhisneach nach fann / slat do shúdhshlisneach Sagsan[n]*; 18cd *cuairt aithghearr le bhfuair a thoil* (leg. *thal*) / *go baincheann sluaigh na Sacsan*. Féach freisin go bhfuil dhá fhoirm de *Londain* sa ghinideach uatha ag an bhfile sa dán seo: 24cd *a ghlōr teann gnáthmhūinte glān / i gceann lānchūirte Lonndan*; 30cd *a rosg frao[i]chbhrīoghmar mīn ~~mea~~ mall / ō rīgh lao[i]chlīonmar Lonmann*.

27d. Níor éirigh liom aon chiall a bhaint as leagan na LSe *sgathmhuighnidh* sa líne seo agus tá *sgathMhuimhnigh* curtha ar fáil agam ina áit.

28ab. Maidir le *ghlan* : *Saxan*, féach nóta 26cd thuas.

30c. Faightear an aidiacht *mall* le tagairt do shúile go minic san fhilíocht Chlasaiceach leis an bhrí ‘gentle, steady, slow-moving’. Féach *DIL* s.v. *mall* (d).

Maidir le *mall* : *Lonnann*, féach nóta 26cd thuas.

33. Níl mé cinnte faoin aistriúchán ar an rann seo, agus tá an tuiscint atá agam air ag brath ar *críoch* [...] *do chur ar* a léamh mar ‘finishing, completing’ (féach *DIL* s.v. *crích* (a)) agus, ós rud é gur tagairt don phátrún féin é, ‘fully fledged’ atá tugtha agam san aistriúchán.

Tá cuibheas inmheánach ar iarraidh i leagan na LSe idir *aisghen* agus *tharthaig*, agus tá *árchoin* : *thárthaigh* curtha ar fáil agam leis seo a réiteach.

34c. Ba litriúla ‘difficult to overthrow, impossible to defeat’ mar aistriúchán ar *dochuirthe* (*DIL* s.v. *do-*, *du-*, agus *DIL* s.v. *fo-ceird*; féach freisin *DIL* s.v. 1 *cor* 15 ‘act of overthrowing, defeating; defeat, reverse’).

35a. Maidir le *Ní fhoighthe*: Is aisteach séimhiú a fháil ar an mbriathar saor anseo ar lorg *ní*, ach mar go bhfuil an séimhiú ag teastáil don uaim, tá leagan na LSe fágtha agam gan athrú.

36a. Tá urú curtha ar fáil agam ar *tuaith* anseo (.i. *tuath* ‘people’ sa chuspóireach uatha le hinfhilleadh) ar lorg an ailt.

37b. Níl an t-iarméarla *ós* báite ar lorg *aoinDia* agus dhá ghuta fhada ag teacht le chéile (féach *Ní Dhomhnaill* 1975: 32)

40b. Tá an sloinne *Puidhéar*, de Paor/Power, ag glacadh páirte sa chuibheas deiridh (: *fhreámh*) anseo, a léiríonn litriú an tsiolla dheireanaigh, agus go raibh dhá shiolla sa sloinne. Níl teacht agam ach ar dhornán samplaí den sloinne seo san fhilíocht Chlasaiceach, agus an litriú éagsúil i gcónaí: *Cuirfead comaoin ar Cloinn Táil*, 31ab: *Do sliocht Donnchaid[h] fos feghaidh / Puerai gh is Ploince daigh* (ABM 138); *Deacair comhaireamh a chreach*, 61ab: *[Ris]derd Paeir buan a bhladh / is maith f[h]uair é re marbhadh* (ABM 151); *Cruth na bhfearsoin dá bfé chtha / pearsuin mar na Puiércha* (IGT ii 1891).

42d. Ní dóigh liom gur féidir *fhuighle* na LSe a léamh mar fhoirm den bhriathar *fuighlidh* (‘speaks, asserts’, aimsir láithreach, dara pearsa uatha; *DIL* s.v. *fo-gella*), mar nach mbeadh ainmní soiléir ann. Mar sin tá mé á léamh mar an t-ainmfhocal *fuigheall* san uimhir iolra (féach *DIL* s.v. *fuigell* “speech, discourse”).

43cd. Tá uaim agus cuibheas inmheánach ar iarraidh i leagan na LSe agus tá *naomhdha* athraithe agam go *snadhma*, a réitíonn an dá fhadhb sin agus a thagann go deas le brí an rainn.

Maidir le *glac is snadhma na séad nglan* ‘[she has] a helping hand and bonds of pure treasures’: glacaim leis gur tagairt é seo don tacaíocht a fhaigheann sí óna muintir agus a tuismitheoirí atá luaite sa chéad leathrann.

GIORRÚCHÁIN

- ABP* Eoin Mac Cárthaigh (ed.), *The Art of Bardic Poetry: A New Edition of Irish Grammatical Tracts I* (Dublin, 2014).
- DiD* Láimhbheartach Mac Cionnaith (eag.), *Dioghluim Dána* (Baile Átha Cliath, 1938).
- IBP* Osborn Bergin (ed.), *Irish Bardic Poetry: Texts and Translations, Together with an Introductory Lecture by Osborn Bergin with a Foreword by D. A. Binchy Compiled and Edited by David Greene & Fergus Kelly* (Dublin, 1970).
- LM* Tadhg Ó Donnchadha, *An Leabhar Muimhneach* (Baile Átha Cliath, 1900).
- Pacata Hibernia* Thomas Stafford, George Carew, *Pacata Hibernia or, A History of the Wars in Ireland, During the Reign of Queen Elizabeth* (London 1633; reprint Dublin, 1810).
- TD* Eleanor Knott (ed.), *A bhfuil aguinn dár chum Tadhg Dall Ó hUiginn (1550–1591) / The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó hUiginn (1550–1591)*, vols I and II (London, 1922, 1926).
- Trí bior* Geoffrey Keating, *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis: The Three Shafts of Death*, ed by Osborn Bergin (Dublin, 1992 (orig. publ. 1931).

LEABHARLIOSTA

- COKAYNE, GEORGE E. et al. 1910: *The Complete Peerage of England, Scotland, Ireland, Great Britain, and the United Kingdom: Extant, Extinct, or Dormant* (London).
- MAC A' GHOILL, PHILIP 2021: 'Rogha dánta as LS G 167, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann', trachtas dochtúireachta neamhfhoilsithe, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
- NÍ DHOMHNAILL, CÁIT 1975: *Duanaireacht* (Baile Átha Cliath).
- Ó CUÍV, BRIAN 1976: 'A sixteenth-century political poem', *Éigse* 15, 261–76.
- O'RAHILLY, THOMAS 1926: *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. I (Dublin).
- PAYNE, ROBERT 1589: *A Briefe description of Ireland: made in this year, 1589, By Robert Payne* (London).

PHILIP MAC A' GHOILL

Ollscoil Mhá Nuad